

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Eacnamaíocht Bhaile Ceardlann 2019-2020

www.jct.ie



Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

Gluais Téarmaí Eacnamaíocht Bhaile

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun an téarmaíocht a úsáidtear sa tsonraíocht d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí a shoiléiriú, chun cabhrú leis an múinteoir agus leis an scoláire an chaoi a léirmhíneáil na téarmaí agus a n-úsáidtear iad a thuiscint.


Téarma	Léirmhíniú
Próiseas na treorach le haghaidh dearadh	Úsáidtear treoir oscailte chun breac-chuntas a thabhairt ar riachtanais taisc áirithe. Bheadh an treoir rialta agus machnamhach go hidéalach agus d'fhéadfadh go mbeadh na céimeanna seo a leanas i gceist: an fhadhb/tasc a shainmhíniú; iniúchadh/taighde; smaointe a ghiniúint; réitigh fhéideartha a fhorbairt; smaointe a chur i láthair daoine eile i gcomhair aiseolais; an dearadh a bheachtú; an táirge a dhéanamh; measúnú.
Litearthacht bia	Baineann sé seo leis an eolas, na scileanna, na dearthaí agus an iompraíocht idirghaolmhar a theastaíonn chun bia a phleanáil, a ullmhú agus a chócaráil.
Fadhbanna Praiticiúla Rialta	Is ábhair imní iad na fadhbanna praiticiúla rialta a théann ó ghlúin go glúin i dteaghlaigh, go háitiúil agus go domhanda, a dteastaíonn gníomh machnamhach agus scileanna cinnteoireachta criticiúla agus léiritheacha chun iad a réiteach.
Cur Chuige Bunaithe ar Chórais	I gcur chuige bunaithe ar chórais scrúdaítear idirghaolmhaireacht na gcomhthéacsanna seachas aon staid amháin a scrúdú ann féin. Cuimhnítear ar chomhthéacsanna iolracha a mbíonn tionchar acu ar chastacht an tsoil agus ar shaol an teaghlaigh san aonú haois is fiche.
Scileanna cócaireachta	Is éard atá i gceist le scileanna cócaireachta ná na scileanna agus an t-eolas chun béile/táirge a phleanáil, a ullmhú, a chur i gcrích agus a mheas.
Galair a bhaineann le haiste bia	Is ionann galair a bhaineann le haiste bia (nó galair ainsealacha a bhaineann le cothú bia) agus galair a thagann chun cinn mar gheall ar aiste bia nach réitíonn le moltaí cothaithe forleathana. Is samplaí de ghalair ainsealacha iad murtall, diaibéiteas, galar cardashoithíoch, oistéapóróis agus galar fiacla.
Riachtanas speisialta cothaithe	Cé nach bhfuil sainmhíniú cinnte ann, d'fhéadfaí a rá gur daoine a bhfuil 'riachtanas speisialta cothaithe' acu iad na daoine a dtugtar comhairle dóibh nó a roghnaíonn gan glacadh le moltaí cothaithe forleathana. D'fhéadfadh sé seo tarlú ar chúiseanna leighis (m.sh. galar céiliach, ailléirgí bia, éadulaingt ar bhia, galar putóige athlastaí) nó ar chúiseanna nach mbaineann le leigheas (m.sh. aistí bia veigeatóracha, cúiseanna reiligiúnacha nó cultúrtha).

(Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, CNCM, Ich.27)

Clár na nÁbhar

Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Amlíne Mheasúnaithe	1
Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Measúnú	2
Aonad Foghlama Samplach	3
Teimpléad Scéalchláir	5
Próiseas na treorach le haghaidh dearadh	6
Machnamh a Dhéanamh ar Mheasúnú Foirmitheach	7
Litearthacht Bia	9
Pleanáil Chomhoibríoch Éifeachtach	12
Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Briathra Gnímh	13
Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Torthaí Foghlama	15
Sliocht as Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe	16
Aguisín 2: Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ): Tuarascáil an Éascaitheora	19
An Próiseas AFMÁ – roimh, i rith agus i-ndiaidh	20
Ag Úsáid na nGnéithe Cáilíochta	21
Na Tuairisceoirí Sainmhínithe	22
Ag Machnamh ar an bPróiseas AFMÁ	23
Ag Roinnt Samplaí le haghaidh an Chruinnithe AMFÁ	24
Na hÓcáidí Foghlama is Tábhachtaí	25
Léarscáil den Suíomh Gréasáin	27

Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Amlíne Mheasúnaithe



Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Aidhm

Is í an aidhm atá i gceist in Eacnamaíocht Bhaile ná eolas, meonta, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a fhorbairt chun maireachtáil barr feabhais, fholláin agus inbhuanaithe a bhaint amach do gach duine mar dhuine aonair, agus mar bhall de theaghlaigh agus den tsochaí. Déanann an scoláire forbairt ar scileanna praiticiúla an scoláire maidir le hinniúlacht i gcúrsaí bia agus sláinte agus cinntí eolasacha a dhéanamh a mbeidh tionchar dearfach acu ar a shláinte agus a fholláine mar dhuine aonair agus laistigh dá shochaí chomh maith. Cothaíonn Eacnamaíocht Bhaile acmhainneacht, nuálaíocht, inoiriúnaitheacht agus iniúilacht an scoláire mar thomhaltóir. Forbraíonn sé scileanna dearaidh agus teicstílí cruthaitheacha an scoláire. Déanann Eacnamaíocht Bhaile forbairt ar scoláire atá meabhrach ar an gcomhshaol agus atá dírithe ar shaol inbhuanaithe freagrach a chaitheamh.

(Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí don Eacnamaíocht Bhaile, CNCM, Ich 5)

An bhfuil an aidhm á baint amach i mo sheomra ranga?



Réimsí atá le forbairt níos mó?



Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Measúnú

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú **mar chuid den phróiseas foghlama**. Sa chur chuige sin, teastaíonn **éagsúlacht** sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/ na modhanna measúnaithe a roghnaítear **oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha** don scoláire. Sa mheasúnú in Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina **rannpháirtí machnamhach agus gníomhach** ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheith ag múinteoirí tacú leis sin.

(Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí don Eacnamaíocht Bhaile, CNCM, lch 19)

Cén fáth a ndéanaim measúnú, céard air a ndéanaim measúnú agus conas a mheasaim foghlaim scoláirí in Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí?



Nótaí

Aonad Foghlama Samplach

Bliain: 1

Fad an aonaid: 3-4 seachtaine

Téama: Sneiceanna Sláintiúla

Tasc: Déan taighde ar shneiceanna sláintiúla a d'fhéadfaí a riar i gceaintín scoile. Pleanáil, ullmhaigh agus riar sneaic shláintiúil de do rogha féin. Mol ábhair oiriúnacha phacáistithe agus conas a d'fhéadfaí an sneaic a lipéadú. Déan costáil ar an sneaic agus cuir í i gcomparáid le táirge tráchtála atá cosúil léi.

Torthaí Foghlama

- 1.18 táirgí bia tráchtála agus baile a mheasúnú
- 1.19 an t-eolas a fhaightear ar rogha leathan táirgí bia a léirmhíniú agus úsáid á baint as lipéid bhia ar aghaidh agus ar chúl an phacáiste bia
- 1.16 cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun acmhainní bia agus ábhair a roghnú agus a bhainistiú
- 1.2 béilí agus sneiceanna sláintiúla agus cothaitheacha don duine aonair agus don teaghlach a phleanáil, a ullmhú, a chostáil agus a mheasúnú
- 2.5 an tábhacht a bhaineann le cinntí eolasacha agus freagracha a dhéanamh sa saol laethúil a mheas

Briathra Gnímh

Measúnaigh (sonraí) sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

Léirmhíniú eolas agus tuiscint a úsáid chun treochothaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar

Cuir i bhfeidhm faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú

Ullmhaigh rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair

Meas saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh

Príomhfhoghlaim

- déan sneiceanna sláintiúla tráchtála a mbíonn tóir orthu a iniúchadh (costas, luach cothaitheach, bunús, pacáistiú)
- an t-eolas tábhachtach ar chóir a bheith le fáil ar an bpacáistiú a thuiscint
- léirthuiscint a bheith ag an scoláire do fheidhm an phacáistithe agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an gcomhshaol
- sneaic shláintiúil bhaile atá cosúil le táirge tráchtála a phleanáil, a ullmhú, a chur i láthair agus a mheasúnú
- faigh amach an costas agus cuir é i gcomparáid leis an táirge tráchtála atá cosúil leis
- cruthaigh pacáistiú feidhmiúil don sneaic shláintiúil bhaile
- próiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm ar thasc (tasc a shainmhíniú, iniúchadh/taighde, smaointe a ghiniúint, réitigh fhéideartha a fhorbairt, smaointe a chur i láthair daoine eile i gcomhair aiseolais, an dearadh a bheachtú, an táirge a dhéanamh, measúnú)

Measúnú

Pleanáil na Roinne

Pleanáil Roinne

Bliain: 1 **Téarma:** tar éis na Cásca **Aonad:** 5 **Fad an aonaid:** 3-4 seachtaine

Téama: Conas a théann na roghanna bia agus na nósanna maireachtála i bhfeidhm ar ár sláinte agus folláine?

Torthaí Foghlama

1.13 béilí a phleanáil agus a ullmhú dóibh siúd a bhfuil galar a bhaineann le haiste bia orthu

1.6 úsáid a bhaint as cur chuige foghlama bunaithe ar fhadhbanna, eolas cothaitheach a chur i bhfeidhm chun bia a phleanáil agus a ullmhú don teaghlach

1.10 ról na gothaitheach in aiste bia sláintiúil cothrom a mhíniú

2.5 an tábhacht a bhaineann le cinntí eolasacha agus freagracha a dhéanamh sa saol laethúil a mheas

1.2 béilí agus sneaiceanna sláintiúla agus cothaitheacha don duine aonair agus don teaghlach a phleanáil, a ullmhú, a chostáil agus a mheasúnú

Briathra Gnímh

Ullmhaigh rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair

Meas saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh

Cuir i bhfeidhm faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú

Mínigh mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

Príomhfhoghlaim

- tosca breise a aithint a théann i gcion ar ár roghanna bia: riachtanais chothaithe, scileanna, teacht ar na comhábhair
- luaigh conas a chuirfeadh barraíocht cothaithe, nó gan go leor de, le galair a bhaineann le haiste bia
- na galair seo a leanas a bhaineann le haiste bia a shainaitheint agus a mhíniú (murtall, galar croí)
- oidis oiriúnacha a aimsiú don duine aonair a bhfuil galar a bhaineann le haiste bia air
- biachlár bricfeasta a phleanáil agus a ullmhú don duine aonair a bhfuil galar a bhaineann le haiste bia air
- faigh amach costas aonaid mír bhricfeasta agus cuir í i gcomparáid le táirge tráchtála atá cosúil léi
- ról lipéid bhia a mheas nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú
- an tábhacht atá le heolas cothaitheach le linn roghanna bia eolasacha a mheas
- próiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm ar thasc (tasc a shainmhíniú, iniúchadh/taighde, smaointe a ghiniúint, réitigh fhéideartha a fhorbairt, smaointe a chur i láthair daoine eile i gcomhair aiseolais, an dearadh a bheachtú, an táirge a dhéanamh, measúnú)

Measúnú

Teimpléad Scéalchláir

1

2



3



4


5

Foinsí Eolais:


Conas is féidir linn tacú le scoláirí forbairt chéimnitheach a dhéanamh ar “anailísiú”?



Próiseas na treorach le haghaidh dearadh



Machnamh a Dhéanamh ar Mheasúnú Foirmitheach



Machnamh a Dhéanamh ar Mheasúnú Foirmitheach

Ag machnamh ar na gnéithe éagsúla sa léaráid mheasúnaithe fhoirmithigh, céard a chuirfeá isteach i do chleachtas féin?



Aiseolas

Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea **aiseolas dírithe** a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid **foghlama féin a bhainistiú** agus leis an **scoláire a ghríosú** le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta.

(Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, *CNCM, 2017, lch.18*)

Conas is féidir linn aiseolas a dhéanamh éifeachtach?



Litearthacht Bia

Baineann sé leis an eolas, na scileanna, na dearchtaí agus an iompraíocht idirghaolmhar a theastaíonn chun bia a phleanáil, a ullmhú agus a chócaráil.

(Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, CNCM, lch.27)

Sliocht 1:

Based on Health Literacy concept “...the degree to which individuals have the capacity to obtain, process, and understand basic health information and services needed to make appropriate health decisions” (1). Food Literacy can be considered as a set of inter-related competencies, skills and abilities regarding a functional, relational and critical level: to know, to do, to sense, to want, to be. Food Literacy includes a set of knowledge, skills and attitudes concentrated into six domains: skills and behaviours (physical actions or abilities involving food), food/health choices (actions associated with informed choices around food use), culture (societal aspect of food), knowledge (ability to understand and seek information about food), emotions (the influence of attitudes and motivation), and food systems (the ability to understand the complexity of food system) (2). The most cited definition (3) describes Food Literacy as “...the scaffolding that empowers individuals, households, communities or nations to protect diet quality through change and strengthen dietary resilience over time. It is composed of a collection of inter-related knowledge, skills and behaviours required to plan, manage, select, prepare and eat food to meet needs and determine intake”. These elements represent the key factors – not at all easy and simple to translate in actions in everyday life - that pragmatically influence eating habits and, consequently, health and well-being.

(An Added Value for Health. This is an European Federation of the Associates of Dieticians (EFAD) Fact Sheet developed by the European Specialist Dietetic Network for Public Health (ESDN-PH) March 2018)

(1) Baker D.W. The Meaning and the Measure of Health Literacy. *Journal of General Internal Medicine* 2006, 21: 878-883

(2) Truman E, Lane D, Elliott C. Defining food literacy: A scoping review. *Appetite*, 2017;116:365-371

(3) Vidgen HA, Gallegos D. Defining food literacy and its components. *Appetite*, 2014;76:50-9

Sliocht 2:

5.3 Food and health literacy

The health and wellbeing of the Irish population continues to be of concern. According to the Department of Health (2013) the current health status of people living in Ireland and their lifestyle trends are leading us toward a costly and unhealthy future (p. 9). Specifically looking at diet related issues, the prevalence of overweight and obesity continues to be a major public health concern in Ireland. According to the National Adult Nutrition Survey (2011) 37% of adults (aged 18-64) are overweight and 24% are obese. The Healthy Ireland Survey (2015) found that 25% of 3 year olds are overweight or obese and 26% of 9 year olds have a BMI outside the healthy range. Furthermore, many children are not meeting the current dietary recommendations for fruit and vegetable intake or saturated fat and sugar consumption (Safefood, 2014). Globally, the WHO has declared that by 2025, obesity will be a more serious problem than malnutrition. The term ‘food literacy’ has emerged recently, linking literacy to food skills, and is now widely used in policy, practice and research. According to Vidgen and Gallegos (2014) food literacy can be defined as scaffolding that empowers individuals, households, communities or nations to protect diet quality through change and strengthen dietary resilience over time. It is composed of a collection of inter-related knowledge, skills and behaviours required to plan, manage, select, prepare and eat food to meet needs and determine intake (2014, p. 54). Food Literacy is essentially the skills needed to sustain a healthy lifelong relationship with food.

(Background Paper Home Economics, NCCA, May 2016 p.33)

Sliocht 3:

The definition of food literacy below was developed from the findings of this research study. Food skills that are necessary to provide regular, healthy meals for one's household and/or one's self comprise a combination of techniques (ability to use cooking implements and appliances, handle food ingredients); knowledge (nutrition for good health, interpreting food labels, following/understanding instructions, ingredients and recipes; food safety; awareness of food origins and characteristics, and growing foods if possible); and planning ability (organizing meals; food budgeting, shopping and storage). Food literacy is a set of skills and attributes that help people sustain the daily preparation of healthy, tasty, affordable meals for themselves and their families. Food literacy builds resilience, because it includes food skills (techniques, knowledge and planning ability), the confidence to improvise and problem solve, and the ability to access and share information. Food literacy is made possible through external support with healthy food access and living conditions, broad learning opportunities, and positive socio-cultural environments. The potential outcomes of food literacy, as expressed by young people who live in at-risk situations, include a greater likelihood of consuming a healthier diet; feeling better both physically and mentally; connecting more with others (transferring skills, eating together); improved response to changes and challenges; a feeling of satisfaction in preparing food for themselves and others; attraction to food-related career opportunities (for some); and improved household food security.

(“Making something out of nothing” Food Literacy for Life A locally driven collaborative project funded by public Health ONTARIO, 2013 Technical Report LEAD INVESTIGATORS: Ellen Desjardins, RD, PhD Haliburton, Kawartha, Pine Ridge District Health Unit: Elsie Azevedo, RD, MSc)

https://foodsecurecanada.org/sites/foodsecurecanada.org/files/food_literacy_study_technical_report_web_final.pdf

Sliocht 4:

Food literacy has emerged as a term to describe the everyday practicalities associated with healthy eating. The term is increasingly used in policy, practice, research and by the public; however, there is no shared understanding of its meaning. The purpose of this research was to develop a definition of food literacy which was informed by the identification of its components. This was considered from two perspectives: that of food experts which aimed to reflect the intention of existing policy and investment, and that of individuals, who could be considered experts in the everyday practicalities of food provisioning and consumption. Given that food literacy is likely to be highly contextual, this second study focused on disadvantaged young people living in an urban area who were responsible for feeding themselves. The Expert Study used a Delphi methodology (round one n = 43). The Young People's Study used semi-structured, life-course interviews (n = 37). Constructivist Grounded Theory was used to analyse results. This included constant comparison of data within and between studies. From this, eleven components of food literacy were identified which fell into the domains of: planning and management; selection; preparation; and eating. These were used to develop a definition for the term “food literacy”.




Fig. 3. The eleven components of food literacy derived from the Expert and Young People's Studies.

https://blogs.deakin.edu.au/apfnc/wp-content/uploads/sites/119/2015/06/Vidgen_2014_food-literacy-Appetite.pdf

Litearthacht Bia


Nótaí



Conas is féidir linn tacú le forbairt chéimnitheach ar litearthacht bia?



Pleanáil Chomhoibríoch Éifeachtach



Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Briathra GNÍMH

Anailísigh

staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaitint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

Cuir i bhfeidhm

faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fforchúinsí a mhíniú

Léirhuiscint a bheith ag... do...

brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud

Meas

saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh

Rangaigh

rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta

Déan comparáid

cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó chás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd

Cuir i gcrích

rud atá á dhéanamh aige a thabhairt chun críche, rud a chur de go sásúil

Déan

gníomhaíocht a eagrú agus tabhairt fúithi

Meas (cuimhnigh ar ...)

cur síos a dhéanamh ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú, tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil

Cuir le chéile

eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhírí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh

Tiontaigh

athrú go foirm eile

Cruthaigh

rud nua a dhéanamh nó a thabhairt chun saoil

Déan díospóireacht

cur agus cúiteamh faoi ábhar, go háirithe i bplé foirmiúil

Taispeáin

rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil

Cuir síos

pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú

Faigh amach

rud a chinntiú nó a dhearbhu go beacht trí thaighde nó trí ríomh

Forbair

dul chun cinn nó feabhsú chun éirí níos aibí, níos forásaí, nó níos casta

Ceap

nós imeachta nó córas a phleanáil, a chruthú nó a chur le chéile trí mhachnamh domhain a dhéanamh

Dealraig

an fáth a bhfuil rud éagsúil a aithint nó a oibriú amach

Pléigh

athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí

Idirdhealaigh

na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir



Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Briathra GNÍMH

Measúnaigh (sonraí)

sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainiú; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

Measúnaigh (breithiúnas eiticéil)

fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainiú; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

Scrúdaigh

argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus caidrimh na saincheiste

Mínigh

mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

Fiosraigh

dlúthbheathnú go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh

Sainiú

patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair

Léirmhíneadh

eolas agus tuiscint a úsáid chun treochearta a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar

Iniúch

breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua

Cosain

cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid

Ullmhaigh

rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair

Cuir i láthair

smaoineamh a chur chun cinn nó a mholadh; fianaise a thabhairt nó a léiriú; rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú

Mol

plean nó smaoineamh a chur chun tosaigh lena mheas

Aithin

fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) a shainiú chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint

Mol (comhairligh)

rud a chur chun tosaigh agus é faofa mar rud a bheadh oiriúnach le haghaidh cuspóir áirithe

Ceangail

rud a shamhlú le rud eile, cúiseanna a thabhairt

Luaigh

ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta

Tabhair le fios

réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh

Tuig

corpas dea-eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm

Úsáid

eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh

Deimhnigh

fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis



Torthaí Foghlama: Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

Snáithe 1 Bia, sláinte & scileanna cistineacha

Snáithe 2 Saol teaghlaigh freagrach

Snáithe 3 Teicstílí agus ceardaíocht

Gné

Cumhachtú an duine aonair agus an teaghlaigh

- 1.1 na fachtóirí a shainithint a mbíonn tionchar acu ar roghanna bia pearsanta
- 1.2 béilí agus sneaiceanna sláintiúla agus cothaitheacha don duine aonair & don teaghlach a phleanáil, a ullmhú, a chostáil & a mheasúnú
- 1.3 raon de phrionsabail & teicnící cócaireachta a chur i bhfeidhm chun béilí sláintiúla a ullmhú don duine aonair agus don teaghlach & cúrsaí buiséid á gcoimeád i gcuimhne chomh maith
- 1.4 scileanna cistineacha agus cruthaitheacha a thaispeáint maidir le hullmhú, cócaireacht agus cur i láthair bia
- 1.5 cleachtais shábháilte agus shláinteacha a chur i bhfeidhm maidir le láimhseáil, ullmhú, stóráil agus riar bia
- 1.6 úsáid a bhaint as cur chuige foghlama bunaithe ar fhadhbanna, eolas cothaitheach a chur i bhfeidhm chun bia a phleanáil agus a ullmhú don teaghlach
- 1.7 úsáid a bhaint as an teicneolaíocht atá ar fáil maidir le pleanáil agus ullmhú bia

- 2.1 cineálacha éagsúla teaghlach a phlé
- 2.2 ról agus freagrachtaí an teaghlaigh a fhiosrú
- 2.3 caidrimh teaghlaigh a phlé chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le caidrimh a neartú idir daoine aonair agus teaghlaigh

- 3.1 teicnící bunúsacha fuála láimhe agus innill a thaispeáint
- 3.2 próiseas agus prionsabail na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle chruthaitheach a dhéanamh do duine aonair nó don teach
- 3.3 teicnící bunúsacha fuála láimhe agus/ nó innill a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle a dhéanamh do duine aonair nó don teach ar bhealach sábháilte agus oiriúnach
- 3.4 teicnící maisithe fabraice a thaispeáint

Gné

Sláinte agus folláine

- 1.8 na gnéithe de nós maireachtála sláintiúil a phlé
- 1.9 an tábhacht a bhaineann le cothú agus aiste bia ó thaobh na sláinte agus na folláine a aithint
- 1.10 ról na gcothaitheach in aiste bia sláintiúil cothrom a mhíniú
- 1.11 cur síos a dhéanamh ar struchtúr bunúsach agus ar fheidhmeanna bunúsacha an chóras díleá
- 1.12 na riachtanais chothaitheacha ag gach céim den tsaoiléir a iniúchadh
- 1.13 béilí a phleanáil agus a ullmhú dóibh siúd a bhfuil galar a bhaineann le haiste bia orthu
- 1.14 riachtanais chothaitheacha daoine atá ar aiste bia speisialta a chur i bhfeidhm agus béilí a bpleanáil agus a n-ullmhú

- 2.4 na riachtanais timpeallachta baile atá sábháilte agus cothaitheach a phlé
- 2.5 an tábhacht a bhaineann le cinntí eolasacha agus freagracha a dhéanamh sa saol laethúil a mheas
- 2.6 na prionsabail agus treoirlínte dearaidh a chur i bhfeidhm chun seomra a phleanáil agus an taobh istigh de sheomra a dhearadh

- 3.5 léirthuisicint a fháil ar ról teiripeach agus fóillíochta na hoibre teicstíle

Gné

Maireachtáil fhreagrach agus inbhuanaithe

- 1.15 tionchar a chuid roghanna bia ó thaobh na héiceolaíochta agus na heitice a iniúchadh
- 1.16 cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun acmhainní bia agus ábhair a roghnú agus a bhainistiú

- 2.7 na bealaí a shainithint inar féidir le daoine aonair agus teaghlaigh cur le maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach
- 2.8 cur síos a dhéanamh ar chleachtais inbhuanaithe laethúla sa teach agus éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht dramhaíola agus caomhnú uisce san áireamh
- 2.9 tionchar na teicneolaíochta ar láimhseáil acmhainní pearsanta agus teaghlaigh a fhiosrú

- 3.6 bealaí inar féidir míreanna éadaí agus/ nó teicstíle sa teach a dheisiú, a athúsáid, a úsáid ar bhealach nua, a athchúrsáil agus a uaschúrsáil a thaispeáint
- 3.7 nósanna imeachta cúraim teicstíle a úsáidtear sa teach a mheasúnú ó thaobh an chomhshaoil de
- 3.8 tionchair treochtaí agus roghanna ar theicstílí agus éadaí a phlé, agus cúrsaí eitice agus héiceolaíochta á gcur san áireamh

Gné

Inniúlacht tomhaltóirí

- 1.17 comparáid a dhéanamh idir bianna a úsáidtear go coitianta in ullmhú bia agus ar an éifeacht a bhíonn acu ar cháilíocht chothaitheach agus chéadfach an táirge
- 1.18 táirgí bia tráchtála agus baile a mheasúnú
- 1.19 an t-eolas a fhaightear ar rogha leathan táirgí bia a léirmhíniú agus úsáid a baint as lipéid bhia ar aghaidh agus ar chúl an phacáiste bia

- 2.10 scileanna cinnteoireachta tomhaltóra a chur i bhfeidhm chun acmhainní pearsanta agus teaghlaigh a láimhseáil don saol laethúil
- 2.11 díospóireacht a dhéanamh faoi chearta agus freagrachtaí
- 2.12 scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil tomhaltóirí in Éirinn cosanta ag reachtaíocht, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla
- 2.13 scileanna i dtuisicint airgeadais a chur i bhfeidhm chun buiséad a ullmhú agus a mheas don mhaireachtáil neamhspleách

- 3.9 eolas faoi shiombaillí cúraim teicstílí a chur i bhfeidhm

Sliocht as Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Treoirínte don Mheasúnú Rangbhunaithe

Aguisín 1: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Cuireann cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhsheasmhacht a bhaint amach i gcomhar lena chéile ina mbreithiúnais ar obair scoláirí bunaithe ar Ghnéithe Cáilíochta comónta a leagtar amach go seachtrach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeán agus ar ionchais de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM.

Forléargas

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair na scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige i gcabhrú le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeán agus ar ionchais ach a chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise d'obair na scoláirí agus na straitéisí foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an obair sin a roinnt. Is iad cuspóirí an phróisis athbhreithnithe an méid seo a leanas a bhaint amach:

- comhsheasmhacht níos fearr i mbreithiúnas múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- ailíniú níos fearr idir breithiúnais agus caighdeán a bhfuiltear ag súil leo
- agus a dheimhniú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfaigheann scoláirí an t-aitheantas cuí ar a ngnóthachtáil de réir na gcaighdeán agus na n-ionchas.

Cuirfear am ar leataobh ón bhféilire scoile do na cruinnithe athbhreithnithe; tiocfaidh an t-am sin ón 22 uair an chloig de thréimhse ghairmiúil a dháiltear ar gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Dáilfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig eile ar mhúinteoir amháin i ngach ábhar chun an cruinniú athbhreithnithe a ullmhú agus a chomhordú. Beidh gach múinteoir ábhartha i mbun an róil sin ar a sheal. Beidh gach cruinniú:

- sonrach d'ábhar amháin
- thart ar dhá uair an chloig ar fad
- ar bun chomh gar agus is féidir do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe
- ag plé le hathbhreithniú ar obair scoláirí a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe sonrach.

Nuair atá múinteoir aonair ábhair i scoil, is féidir an múinteoir a éascú le páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile. I gcás Gaelscoile, is féidir leis an múinteoir aonair ábhair páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le Gaelscoil eile.

Treoir an Éascaitheora

Tabharfaidh na múinteoirí faoi ról an éascaitheora i rith cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar a sheal. Tabharfaidh an t-éascaitheoir eiseamláirí de cheistiú éifeachtach i rith an chuir agus cúitimh ar shamplaí d'obair scoláirí a dhíríonn ar chomh maith agus a dtagann obair na scoláirí leis na Gnéithe Cáilíochta. I rith na gcruinnithe athbhreithnithe, nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir ba chóir a chur i bhfeidhm, ba chóir don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire a thagann leis na Gnéithe Cáilíochta ar fad, nó iad ar fad beagnach, a bhaineann le tuairisceoir ar leith. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas na múinteoirí sa chruinniú athbhreithnithe an tuairisceoir is fearr a thagann 'ar an iomlán' leis an obair atá á mheas a roghnú. Cuirfidh an t-éascaitheoir tuarascáil ghairid ar an gcruinniú athbhreithnithe faoi bhráid phríomhoide na scoile. Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phlean dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Roimh an gcrúinníú

Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh sé cabhrú leis na múinteoirí dá n-athbhreithneoidís cuid de na samplaí anótáilte ábhartha ó CNCM sula gcinneann siad aon rud faoi obair a scoláirí féin.

A luaithe is a chuireann an scoláire a Mheasúnú Rangbhunaithe i gcrích, tabharfaidh an múinteoir faoi mheasúnú sealadach ar obair an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar an measúnú sealadach sin a athrú i bhfianaise an phlé a dhéantar sa chruinníú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Breacfaidh an múinteoir nóta den tuairisceoir a bhronntar ar gach scoláire agus aon phointe eile a dteastódh uaidh a úsáid mar thagairt i rith an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nó ina dhiaidh. Is d'úsáid phearsanta an mhúinteora an nóta sin.

Mar chuid den ullmhúchán don chruinníú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaitheoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcrúinníú.

I rith an chruinnithe

Stiúrann an t-éascaitheoir an cruinníú agus coinníonn sé taifead ar na cinntí a rinneadh i dteimpléad, a úsáidtear chun tuarascáil an chruinnithe a chur i dtoll a chéile (Féach Aguisín 2). Moltar go gcloífeadh an cruinníú leis an sceideal ginearálta seo:

- Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe tacú le comhsheasmhacht i mbreithiúnas faoi obair na scoláirí agus tuiscint choiteann a fhorbairt faoi chaighdeán foghlama na scoláirí. Ba chóir aird a tharraingt freisin ar luach an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláirí faoin gcaoi a bhféadfaidís a gcuid oibre a fheabhsú.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar chomhalta foirne amháin sampla oibre a chur i láthair a mheasúnaigh sé mar *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. I ndiaidh réamhrá gairid an mhúinteora, stiúrann an t-éascaitheoir plé ginearálta ar a mhéad a dtagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíochta ábhartha. Má dheimhníonn an cruinníú an breithiúnas, breacann an t-éascaitheoir é sin i dtaifead an chruinnithe.
- Má tá easaontas ann, ba chóir don éascaitheoir tagairt a dhéanamh do na samplaí anótáilte ábhartha d'obair scoláirí a chuir CNCM ar fáil agus, más cuí, cúpla sampla d'obair scoláirí a mheasúnaigh múinteoirí eile sa ghrúpa agus ar bhronn siad an tuairisceoir sin air.
- Ba chóir don éascaitheoir iarracht a dhéanamh comhaontú a bhunú i rith an phlé ar shamplaí ach ba chóir díriú ar eolas agus scileanna gairmiúla na múinteoirí a fhorbairt seachas ar chomhaontú gach múinteora a fháil ar na Gnéithe Cáilíochta ar fad i ngach sampla.
- Ba chóir díriú i gcónaí i rith na gcrúinnithe athbhreithnithe nuair atá breithiúnais á dhearbhu ar chur chuige 'na rogha is oiriúnaí' a chuireann ar chumas na múinteoirí an tuairisceoir is fearr a oireann 'ar an iomlán' don obair atá á mheas a roghnú.
- Cé gur chóir am réasúnta a chur ar fáil don chur agus cúiteamh, ba chóir don éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil a úsáid chun a chinneadh cén uair is cuí dul ar aghaidh go dtí an chéad sampla eile.
- Más féidir, ba chóir dhá shampla ar a laghad a phlé le haghaidh gach tuairisceora agus ba chóir don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear sampla amháin ar a laghad ó gach múinteoir i rith an chruinnithe
- Tugtar faoin bpróiseas céanna arís chun samplaí a measúnaíodh mar *Ag teacht leis na hionchais, Os cionn na n-ionchas* agus *Thar barr ar fad* a phlé agus a roinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, tugann an t-éascaitheoir achoimre ghairid ar phríomhphointí an chuir agus cúitimh.
- Tá sé tábhachtach go dtugann gach múinteoir aird ar impleachtaí na gcinntí a dhéantar sa chruinníú don chuid eile d'obair na scoláirí a mheasúnaigh siad cheana féin, go háirithe i gcás tuairisceoirí nár tháinig a mbreithiúnas le tuairimí thromlach na múinteoirí sa chruinníú.

I ndiaidh an chruinnithe

I ndiaidh an chruinnithe, déanfaidh gach múinteoir machnamh ar an measúnú ar obair a scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí ar na measúnuithe sealadacha. I ndiaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cuireann an t-éascaitheoir a thuarascáil ón gcruinniú faoi bhráid phríomhoide na scoile. Dírítear sa tuarascáil ar thorthaí an chuir agus cúitimh ar obair na scoláirí sa chruinniú.

Féadfaidh an t-éascaitheoir iarraidh ar na múinteoirí, más maith leis, roinnt d'obair a scoláirí a chur leis an taisce samplaí:

- Chun tacú le hionduchtúcháin múinteoirí nua
- Chun tacú le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo
- Chun úsáid le scoláirí agus tuismitheoirí chun an caighdeán oibre a baineadh amach a léiriú.

**Aguisín 2: Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)
Tuarascáil an Éascaitheora**

Ábhar:	Dáta/am:
Daoine i láthair	
Na príomhchinntí a rinneadh	
Pointí le tabhairt faoi deara i gcruinnithe athbhreithnithe amach anseo	
Aon cheo eile?	
<p>Éascaitheoir</p> <p>Dáta</p>	

(Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe, Eanáir 2019, CNCM, lch. 32-36)

An Próiseas AFMÁ – roimh, i rith agus i ndiaidh

Roimh an gcrúinniú AFMÁ	
<i>Déanfaidh múinteoirí ...</i>	<i>Déanfaidh an t-éascaitheoir ...</i>
I rith an chruinnithe AFMÁ	
<i>Déanfaidh múinteoirí ...</i>	<i>Déanfaidh an t-éascaitheoir ...</i>
I ndiaidh an chruinnithe AFMÁ	
<i>Déanfaidh múinteoirí ...</i>	<i>Déanfaidh an t-éascaitheoir ...</i>

Ag Úsáid na nGnéithe Cáilíochta

Gnéithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm roimh an AFMÁ

Aitheantóir Samplach	Nótaí	Tuairisceoir Sealadach

Gnéithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm i rith an AFMÁ

Aitheantóir Samplach	Nótaí	Tuairisceoir

Ceistiú Éifeachtach

Seo roinnt ceisteanna is fiú a chur:

- Inis dúinn níos mó faoi sin...
- Céard a d'oibrigh go maith anseo i dtaca leis na Gnéithe Cáilíochta?
- Céard iad na láidreachtaí a bhaineann leis an bpíosa oibre seo?
- Céard iad na codanna san obair seo a d'fhéadfaí a fhorbairt?
- Conas a d'fhéadfaí an obair seo a fheabhsú?

Na Tuairisceoirí Sainmhínithe

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.


Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Measúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur chóir a thabhairt faoi deara nach dtugann aon tuairisceoir gnóthachtáil gan locht le fios, ba chóir go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar *Thar barr ar fad* an-ghar do na critéir uile don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ar chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.


Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

(Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Treoirínite don Mheasúnú Rangbhunaithe, Eanáir 2019, CNCM, Ich. 15-16)

Ag Machnamh ar an bPróiseas AFMÁ

	Conas a chabhraíonn na Gnéithe Cáilíochta le comhthuiscint a bheith againn ar chaighdeán?	Conas a d'fhéadfadh taithí ar AFMÁ foghlaim scoláirí a fhorbairt?	Conas a d'fhéadfadh taithí ar AFMÁ foghlaim múinteoirí a fhorbairt?
Nótaí			

Cruinniú Athbhreithnithe ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim Ábhair

Modhanna a bhunú chun obair a dhéanamh le chéile 	
Céard a bheadh ina chabhair?	Céard a bheadh ina bhac?

Ag Roinnt Samplaí le haghaidh an Chruinnithe AMFÁ

Ba cheart do gach múinteoir ceithre shampla d'obair scoláire a chur ar fáil le haghaidh an Chruinnithe Athbhreithnithe ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim Ábhair (AMFÁ). Más féidir é, ba cheart go mbeadh sampla amháin ó gach ceann de na ceithre leibhéal tuairisceoir i measc na samplaí seo. Úsáidfear an t-eolas seo chun clár a dhéanamh le haghaidh an chruinnithe AMFÁ a bheidh againn amach anseo. Ar eagla nach mbíonn go leor ama againn chun na samplaí uile a phlé, cuir uimhir le do thoil ó 1 go 4 ar na píosaí, áit a gciallaíonn 1 an sampla is mó ar mhaith leat é a phlé.

Measúnú Rangbhunaithe 1

Measúnú Rangbhunaithe 2

Cuir an fhoirm seo ar ais roimh: _____ Dáta an chruinnithe AFMÁ: _____

Ainm an Mhúinteora: _____

Sampla 1	Tuairisceoir sealadach An rogha le húsáid ag AFMÁ <input type="checkbox"/> Formáid
Sampla 2	Tuairisceoir sealadach An rogha le húsáid ag AFMÁ <input type="checkbox"/> Formáid
Sampla 3	Tuairisceoir sealadach An rogha le húsáid ag AFMÁ <input type="checkbox"/> Formáid
Sampla 4	Tuairisceoir sealadach An rogha le húsáid ag AFMÁ <input type="checkbox"/> Formáid

Na hÓcáidí Foghlama is Tábhachtaí

Seisiún 1

Seisiún 2

Seisiún 3

Nótaí



Priontshóisearach



Nuacht/Imeachtar



Ceardlanna FGL



Pleanáil



Measúnuithe



Acmhainní

Creat
 Sonraíocht
 Treoirlínte Measúnaithe
 Bileog Eolais

An nuacht is déanaí
 Twitter

Ceardlann FGL
 Cur i Láthair, Leabhrán agus Acmhainní
Ceardlanna Roghnacha
 Seimineáir Ghreasáin

Pleanáil Roinne
 Am Gairmiúil, Naisc idir Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, agus Clár Foghlama Leibhéal 2,
 Pleanáil Chomhoibríoch Éifeachtach agus Físeán
Acmhainní Pleanála
 Físghabháil Scáileáin, Roghanna Leagan Amach don Aonad Foghlama, Breathnú ar Phleanáil, Póstaer

Measúnú
 Gluais Téarmaí agus Acraimneacha Measúnachta

Acmhainní
 Póstaer na mBriathra Gnímh
 Póstaer na dTorthaí Foghlama
 Físeán

Gluais Téarmaí na Sraithe Sóisearaí

Measúnú Rangbhunaithe (MRB)	<p>Is é an chaoi is fearr cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis na tascanna sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht ábhair. Leagtar amach na tascanna agus na Gnéithe Cáilíochta chun tacú le breithiúnas an mhúinteora. Cé go bhfuil an measúnú cosúil le measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa rang, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar obair an scoláire a eascraíonn as an Measúnú Rangbhunaithe don chruinniú Athbhunaithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Úsáidtear é i dtuaisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire ar Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.</p>
Gnéithe Cáilíochta	<p>Cabhraíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas múinteoirí agus scoláirí ar na Measúinuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir a úsáidfidh múinteoirí chun na píosaí de shaothar scoláirí a mheas.</p>
Measúnú Foirmitheach (Creat Ich. 31-32)	<p>Beidh an tSraith Shóisearach bonntacaithe ag comhtháthú breise ar mheasúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim sa seomra ranga. Baineann measúnú foirmitheach le machnamh múinteoirí agus scoláirí ar an tslí ina bhfuil an fhoghlaim ag dul chun cinn agus a gcinntí faoi na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a dheimhniú. Bíonn an t-eolas a chuireann múinteoirí ar fáil dá scoláirí mar chuid ríthábhachtach den mheasúnú foirmitheach. Trí úsáid a bhaint as raon gníomhaíochtaí measúnaithe cuidíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach mar aon leis na deiseanna don fhoghlaim agus don fhorbairt bhreise a aithint. Chun eascú a dhéanamh ar an gcineál foghlama atá beartaithe thuas, tiocfaidh ról an mhúinteora agus an dinimic a bhaineann leis an gcaidreamh múinteoir is scoláire chun cinn. Leagfaidh múinteoirí béim bhreise ar an measúnú a chomhtháthú ina dteagasc ionas go mbeidh ar a gcumas monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí san fhoghlaim agus tuiscint a fháil ar an tslí inar féidir leo tacú le scoláirí chun machnamh agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin.</p>
Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) (Creat Ich. 48)	<p>I PGSS tabharfar aitheantas don ghnóthachtáil thar achar uile na foghlama de réir mar a oireann: Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid tosaíochta foghlama, achair foghlama eile. Beidh eilimintí uile an mheasúnaithe mar bhonn tagartha agus tuairiscithe don ghnóthachtáil ar a n-áirítear measúnú foirmitheach, leanúnach, Measúinuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS ar a n-áirítear torthaí ó na scrúduithe stát-theistithe agus ó na Tascanna Measúnachta. Beidh formáid a chinnfear go náisiúnta ag PGSS. Beidh sé curtha le chéile ag an scoil agus faighte ag na scoláirí san Fhómhar I ndiaidh na tríú bliana, nuair a bhíonn torthaí uile an mheasúnaithe ón CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe.</p>
Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) (Creat Ich. 41)	<p>I gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh múinteoirí samplaí dá measúinuithe ar obair scoláirí a chomhroinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí. Beidh gach cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair dírithe ar ábhar ar leith agus díreofar ar an Measúnú Rangbhunaithe a bheidh déanta ag an mbliainghrúpa ar leith.</p>
Critéir Rathúlachta (CNM Gluais)	<p>Tá critéir rathúlachta nasctha le cuspóirí foghlama. Forbraíonn an múinteoir agus/nó an scoláire iad agus déantar cur síos ar rath agus céard atá i gceist leis. Cuidíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh faoi cháilíocht foghlaim an scoláire.</p>
Measúnú Suimitheach (CNM Gluais)	<p>Bíonn an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun foghlaim an scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó na tréimhse foghlama. An aidhm atá leis ná achoimre a thabhairt ar ghnóthachtálacha an scoláire agus fáil amach cibé ar léirigh an scoláire tuiscint maidir leis an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir rathúlachta nó gnéithe cáilíochta comhaontaithe agus cé chomh mór is a léirigh sé an tuiscint sin.</p>
Intinní Foghlama agus Torthaí Foghlama (CNM Gluais)	<p>Intinní Foghlama: Is éard is intinní foghlama le haghaidh ceachta nó sraith ceachtanna ná ráiteas, a chruthaíonn an múinteoir, ina ndéantar cur síos go soiléir ar céard is mian leis an múinteoir a bheadh ar eolas ag an scoláire, a thuigfeadh sé agus a bheadh sé in ann a dhéanamh mar thoradh ar na gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.</p> <p>Torthaí Foghlama: Is ráitis iad na torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a dhéanann cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama.</p>
Aonad Foghlama	<p>In Aonad Foghlama, nasctar torthaí foghlama a chuireann síos go soiléir céard is mian leis an múinteoir a bheadh a fhios ag na scoláirí, a thuigfeadh siad agus a bheadh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.</p>

Tá breis eolais agus acmhainní le fáil ar an suíomh SSM: www.jct.ie

Tá an t-eolas faoi mheasúnú sa leabhrán seo tógtha ó Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Treoirínite don Mheasúnú Rangbhunaithe (An Chéad Eagrán) don chuid is mó. Tá sé seo le fáil ar www.curriculumonline.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE

for teachers

Is féidir aiseolas a thabhairt ar <http://jctregistration.ie/>
Cliceáil ar Aiseolas (thíos), roghnaigh **Lá Cnuasgrúpa**, ansin **Eacnamaíocht Bhaile**.



JCT.ie

Aiseolas / Feedback

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE

for teachers

JCT Registration

Official site to register teachers for JCT
Workshops and Short Courses

Technical support: support@jctregistration.ie
Registration support: info@jct.ie

Sonraí Teagmhála:

Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin,
Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán.

www.metc.ie

Oifig an Stiúrthóra:

BOOLM (LMETB),
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan.

Lean sinn ar Twitter



@JCforTeachers
@jctHomeEc

Suíomhanna Gréasáin Eile:

www.jct.ie

www.jctregistration.ie

www.ncca.ie

www.curriculumonline.ie

www.schoolself-evaluation.ie